Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14173/25**

**AGRI 503**
**DELACT 155**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6855 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 16.10.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann le critéir áirithe maidir leis an liosta de thríú tíortha ardriosca agus de tháirgí ardriosca a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6855 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6855 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2025
C(2025) 6855 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann le critéir áirithe maidir leis an liosta de thríú tíortha ardriosca agus de tháirgí ardriosca a bhunú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún, leagtar síos forálacha lena ndéileáiltear le rialuithe ar oibreoirí i dtríú tíortha a dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear de bhun Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus bunaítear na rialacha maidir le fíorú na gcoinsíneachtaí a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin.

De bhun Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, tá táirgí ardriosca de thionscnamh tríú tíortha le liostú i ngníomh cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis cásanna neamhchomhlíontachta atá mór, criticiúil nó atriallach agus lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó dá dtáirgeadh.

Dá bhrí sin, ní fhéadfar an liosta de tháirgí ardriosca a bhunú ach amháin ar bhonn cásanna neamhchomhlíontachta arna suí, is é sin le rá, cásanna neamhchomhlíontachta lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú ag aon chéim den táirgeadh, den ullmhúcháin nó den dáileacháin.

Foráiltear le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 go bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na bearta atá le déanamh i ndáil le cásanna neamhchomhlíontachta arna suí agus cásanna neamhchomhlíontachta amhrasta araon.

Is iomaí cás neamhchomhlíontachta amhrasta lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nach suitear riamh. Is é an chúis atá leis sin nach féidir leis an údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe a dhéanann imscrúdú sa tríú tír lena mbaineann ar fhógra a fháil ó Bhallstát i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí (OFIS) bunús a thabhairt leis na cásanna de dheasca faisnéise neamhleor maidir le foinse nó cúis an éillithe, cé go bhfuil amhras ann fós.

Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, na táirgí ardriosca agus na tríú tíortha ina dtionscnaítear iad a liostú ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis cásanna neamhchomhlíontachta arna suí nó amhrasta araon atá mór, criticiúil nó atriallach lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó don táirgeadh.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh an dréachtghníomh tarmligthe go mion leis an nGrúpa Saineolaithe ar Tháirgeadh Orgánach chomh maith leis na príomheagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na n-údarás creidiúnaithe agus rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe atá gníomhach in allmhairiú táirgí orgánacha ó thríú tíortha. Cuireadh ar aghaidh é chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cruinniú an Ghrúpa Saineolaithe ar Tháirgeadh Orgánach á chomóradh. Tar éis comhairliúchán poiblí 4 seachtaine – ón 13 Meitheamh go dtí an 11 Iúil 2025 – a rinneadh tríd an Sásra Aiseolais[1], rinne an Coimisiún anailís ar an 12 bharúil a fuarthas. I bhformhór an aiseolais, cuireadh i gcoinne an athraithe is gá atá beartaithe, lena ndéantar foráil maidir le breithniú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh arna shuí maidir le rialacha orgánacha an Aontais agus ar neamhchomhlíonadh amhrasta sna critéir chun an liosta de tháirgí ardriosca agus de thríú tíortha ardriosca a bhunú.

[1] Táirgí orgánacha ardriosca agus táirgí atá á dtiontú – seiceálacha allmhairiúcháin (leasú)

Tugadh fógra do chomhpháirtithe EDT aiseolas a thabhairt ón 28 Iúil go dtí an 26 Meán Fómhair 2025.

Chinn an Coimisiún gan an gníomh tosaigh a mhodhnú ós rud é nár measadh riamh go raibh go leor cásanna neamhchomhlíonta amhrasta, lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú, suite toisc nach mbailítear fianaise leordhóthanach san imscrúdú a dhéantar de ghnáth chun teacht ar an gconclúid gur suíodh neamhchomhlíonadh.

.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an ngníomh seo Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann leis an mbonn leis an liosta de tháirgí ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 8 a bhunú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann le critéir áirithe maidir leis an liosta de thríú tíortha ardriosca agus de tháirgí ardriosca a bhunú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[2], agus go háirithe Airteagal 46(7), pointe (b)(ii), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún[3], leagtar síos forálacha lena ndéileáiltear le rialuithe ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí i dtríú tíortha a dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear de bhun Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus bunaítear na rialacha maidir le fíorú na gcoinsíneachtaí a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, tá táirgí ardriosca de thionscnamh tríú tíortha le liostú i ngníomh cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis cásanna neamhchomhlíontachta atá mór, criticiúil nó atriallach agus lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó dá dtáirgeadh.

(3) Dá bhrí sin, ní fhéadfar an liosta de tháirgí ardriosca a bhunú faoi láthair ach amháin ar bhonn cásanna neamhchomhlíontachta lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú ag aon chéim den táirgeadh, den ullmhúcháin nó den dáileacháin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 go bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na bearta atá le déanamh i ndáil le cásanna neamhchomhlíontachta arna suí agus cásanna neamhchomhlíontachta amhrasta araon.

(5) Ba cheart táirge orgánach sonrach nó táirge sonrach atá á thiontú agus an tríú tír ina dtionscnaítear é a chur isteach sa liosta de na táirgí ardriosca i gcás ina raibh baint ag

---

[2] IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

an táirge sin le cásanna móra, criticiúla nó atriallacha neamhchomhlíontachta le Rialachán (AE) 2018/848 agus gur shuigh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe gur neamhchomhlíontachtaí iad na cásanna sin lena ndéantar difear do shláine an táirge. Le hAirteagal 22(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 leagtar síos critéir maidir le neamhchomhlíontacht a aicmiú mar neamhchomhlíontacht atá mór, criticiúil nó atriallach.

(6) Is iomaí cás neamhchomhlíontachta amhrasta lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nach suitear riamh. Is é an chúis atá leis sin nach féidir leis an údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe a dhéanann imscrúdú sa tríú tír lena mbaineann ar fhógra a fháil ó Bhallstát i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí (OFIS) bunús a thabhairt leis na cásanna de dheasca faisnéise neamhleor maidir le foinse nó cúis an éillithe, cé go bhfuil amhras ann fós.

(7) Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, na táirgí ardriosca agus na tríú tíortha ina dtionscnaítear iad a liostú ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis cásanna neamhchomhlíontachta arna suí nó amhrasta araon atá mór, criticiúil nó atriallach lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó don táirgeadh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/1698 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698:

*'Airteagal 8*

**Liosta de thríú tíortha ardriosca agus de tháirgí ardriosca**

Táirgí ardriosca agus na tríú tíortha ina dtionscnaítear iad, déanfar iad a liostú in éineacht leis an sciar de choinsíneachtaí de na táirgí sin atá le cur faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus sampláil ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe i dtríú tíortha, i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis neamhchomhlíontachtaí atá mór, criticiúil nó atriallach lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó don táirgeadh, nó má bhíonn amhras ann go ndearnadh a leithéid.

Féadfaidh na sciartha dá dtagraítear sa chéad mhír a bheith níos ísle ná 100 %, agus i gcás an táirge chéanna, féadfaidh siad a bheith éagsúil maidir le rialuithe a dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe i dtríú tíortha.'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*